Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2026
(OR. en)

11595/26

PUBLIC 54
INF 212

**NÓTA**

| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE - FEABHRA 2026 |
|---|---|

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn i mí Feabhra 2026.[1]

Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (i gcló iodálach).

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha trí nós imeachta i scríbhinn,[2]
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil.

Tá faisnéis faoi ghníomhartha eile arna nglacadh ag an gComhairle le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe na Comhairle, faoin roinn 'Cruinnithe'[3]. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag: Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

[1] Ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, ní bheidh sna hachoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle ach faisnéis faoi ghníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha a ghlactar trí nós imeachta i scríbhinn. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de rialacha nós imeachta na Comhairle 'Déanfaidh an Ardrúnaíocht achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn a tharraingt suas gach mí. Aon ráiteas a bheidh le cur i miontuairiscí na Comhairle, beidh sé san achoimre sin. Poibleofar na ranna den achoimre a bhaineann le gníomhartha reachtacha a ghlacadh.'

[2] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a nglacann an Chomhairle iad agus dáta iarbhír an ghnímh atá i gceist, ós rud é nach meastar gur glacadh gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

[3] http://www.consilium.europa.eu/ga/home/

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil fáil ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| Nósanna imeachta i scríbhinn | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 19 Feabhra 2026** | **CM 1695/26** |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/1577 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac*<br>Cinneadh (CBES) 2026/421 ón gComhairle an 19 Feabhra 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/1577 lena nuashonraítear liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac | 6091/26 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/420 ón gComhairle an 19 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac | 6093/26 |
| Fógra le tabhairt ar aird ag an ngrúpa lena mbaineann | 6094/26 |